

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Karen Ní Bhuaighán

D'fhogair airteagal 8<sup>1</sup> den Bhunreacht gurbh í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus phríomhtheanga oifigiúil an Stáit, cé go nglacfaí leis an mBéarla mar theanga oifigiúil eile amháin. D'ainneoin an phríomhaíocht bunreachta seo atá ag an nGaeilge, is í an réaltacht ná nach bhfuil meá do leibhéal na seirbhísí ar fáil, ar son an tarna teanga oifigiúil. “Article 8 provides status without substance. It provides a symbolic support that is the natural enemy of realism... there is no doubt but that Irish speakers themselves have found themselves paralysed by the double bind of constitutional rhetoric (you are free to speak the nation's first, official language) and linguistic reality ( you are able only in the most restricted circumstances to speak the nation's first, official language.”<sup>2</sup> Deir an Grúpa Athbhreithnithe an Bhunreachta “that there is an implicit right to conduct official business in either official language and that the implementation of this right is a matter for legislation and/or administrative measures rather than the constitutional provision.”<sup>3</sup> Is é Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 “the first real attempt to translate constitutional ideals into a workable legislative reality.”<sup>4</sup> Is iad cuspóirí an Acharta ná “(1) to endeavour to rectify the imbalance that exists in terms of the provision of State services to Irish speakers, and (2) to underpin the policy of Bilingualism in the State and to support the implementation of that policy by imposing on public sector entities the obligation to

---

<sup>1</sup> “ 8(1) Os í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.

(2) Glactar leis an Saca-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile. (3) Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haontheanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.”

<sup>2</sup> Michael Cronin, ‘This Side of Paradise pg 265 at 273 of Irelands Evolving Constitution

<sup>3</sup> Tuairisic an Ghrúpa Aithbhreithnithe an Bhunreachta 1996 pg 15.

<sup>4</sup> Niamh Nic Shuibhne , ‘Eighty Years A Growing – The Official Languages Equality Bill 2002’, I.L.T. August 2002 Vol. 20 No. 13 at 198.

provide a quality service to those seeking to transact business with the State through either of the official languages.”<sup>5</sup>

### **Cúlra an Acharta**

Léiríonn cúlra an Acharta seo an fhíoraí go bhfuil an reachtaíocht seo “eighty years a growing”.<sup>6</sup> Thosaigh Conradh na Gaeilge ag obair ar Bhille Teangacha i 1976, ach ní bhfuair sé móran aird. Thuairisc Fasach i 1986 go raibh sé ‘almost impossible to obtain even the basic documents necessary to enable a simple commercial transaction to be completed in the first official language’. Rinne Bord na Gaeilge treoirlínte neamh-reachtúla i 1993 ach is beag éifeacht phraiticiúil a bhí acu. Réitigh Éamon Ó Cuív, an Aire Stát sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oiléan, reachtaíocht Gaeilge agus ceartanna do chainteoirí Gaeilge a thabhairt isteach i 1997 agus thosaigh sé ag plé na ceiste leis an bpobal. Tháinig an chéad chomhartha dul chun chinn i Samhain 1999 nuair a cheangal an Rialtas iad fhéin le hachtú Bille Comhionnas Teangacha. “It will be the responsibility of an Ombudsman’s Office to ensure that Irish speakers will have the legal right and the daily opportunity to conduct their business with the State, with the local authorities and with public agencies through the medium of Irish. The Office will monitor the delivery of services through Irish, so as to ensure that there will be a definitive policy of bilingualism in operation in public affairs.”<sup>7</sup> Chuir an Rialtas soláthar seirbhísí dátheangach le na cúsپoirí Seirbhísé Custaiméara den scoth sa chlár státseirbhísé in Iúil 2000. Dheonaigh ceadú dreachtála tosaíochta ar 12<sup>º</sup> de Mheitheamh. Tugadh an

---

<sup>5</sup> As stated by Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oiléan in Summary of Memorandum for Government, Official Languages Equality Bill, 14 Iúil 2000.

<sup>6</sup> Niamh Nic Shuibhne ibid.

<sup>7</sup> Extract from Action Programme for the Millennium.

chinneadh i gCás Uí Bheoláin<sup>8</sup> ar 4<sup>ú</sup> d'Aibréan, breithiúnas a bhí mar chatalú chun dul ar aghaidh go dtí an chéim dreachtála. Bhí an Chúirt Uachtarach an-léirmheastach faoi fhaillí an Stáit i dtaobh a dhualgais bunreachtúil maidir le neamh-sholáthar ábhair dhlíthiúil thabhabitach sa Ghaeilge. Tar éis ‘backlog’ fiche bliain a cheadú san aistriú gaeilge de Achtanna an Oireachtais (rud atá riachtanach faoi hairteagal 25.4.4 den Bhunreacht), bhí sé tabhabitacht go bhfeictear go bhfuil an Stát ag tógaint céimeanna chun na bearna idir an suíomh bunreachtúil agus an suíomh dearbh a lónadh. ‘S é airteagal 8 den Bhunreacht an phríomhfhoinse de forálacha an reachtaíochta seo gan cheist. Tá an t-airteagal seo mínithe mar dhualgas a chur ar an Stát “to establish and maintain (the Irish language) in its status as the national language and to recognise it for all official purposes as the national language.”<sup>9</sup> Is féidir an chuid de forálacha na hAchtanna a tharraingt siar go dtí Breithiúnas an Ard Chúirt éagsúla, a dheonaigh ceartanna do chainteoirí gaeilge bunaithe ar airteagal 8.1. Tháinig aighneacht ó grúpaí Gaeilge freisin, go háirithe ó Chomhdháil Naisiúnta na Gaeilge.

### **Forálacha an Acharta**

Tugach aithne ar an Acht mar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Comhionannas) 2002 air i dtosach, ach níor chuir sé an suíomh róchéimiúil na Gaeilge faoi hairteagal 8(1) den Bhunreacht san áireamh. Cheapadar “it [wa] s not the function of the legislature to contrive an alternative model which bears little resemblance to the relevant constitutional roots.”<sup>10</sup> “Is féidir príomh-ghnéisithe an Acharta maidir leis an nGaeilge a roinnt faoi cheithre réimse mar a leanas: (1) Dualgais shonracha a leagtar amach go reachtúil. (2) Dualgais a shocrófar faoi Rialacháin. (3)

---

<sup>8</sup> O’Beoláin v. Mary Fahy Breitheamh den Chúirte Dúiche, An Stiúrthoir Ionchúiseamh Poiblí, An Aire Dlí agus Cirt, Comhionnais agus Athchoirithe Dlí, Éire agus an tArd Aighne 2001 2 IR 279.

<sup>9</sup> Kennedy CJ in O’Foghludha v. McClean, (1934) IR 469 at 482.

<sup>10</sup> Niamh Nic Shuibhne, ‘Eighty Years A’Growing- The Official Languages (Equality) Bill 2002’ I.L.T. August 2002 Vol 20 No. 13 pg 198 at 199..

Dualgais maidir le “Scéimeanna”. (4) Nithe a bhaineann le Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ”<sup>11</sup>

Gabhann an chuid ceartanna ó na oibleadaidí reachtúil curtha ar Chomhlachtaí Poiblí. Solathraíonn úsáid na dteangacha oifigiúla i dTithe an Oireachtas faoi halt 18<sup>12</sup> (Teanga) de Buan-Ordaithe Dáil Éireann 2002. Chuir alt 6 an ceart seo i bhfoirm reachtaíochta agus leathnaíodh é go dtí aon dhuine ní hamháin baill. Cuireann alt 7 airteagal 25.4.4.<sup>13</sup> den Bhunreacht, dualgas an Oireachtas an Acharta a fhoilsíú sa dhá theanga oifigiúil. Níl aon teorainn ama don phroiséis seo leagtha síos sa Bhunreacht, mar sin téann an alt seo níos faide agus dearbhaíonn, ag tagairt do bheithiúnas Hardiman Brmh. agus McGuinness Brmh. i gcás Uí Bheoláin, go gcaithfidh sé a tharla go ‘comhuaineach’.

Baineann alt 8 le riadaradh an cheartais. Tá ceart chun Ghaeilge a úsáid in imeachtaí chúirte bunaithe le fada. D'aontaigh an Phríomh-Bhreitheamh Kennedy in Attorney General v. Joyce and Walsh ceart fianaise a thabhairt as Gaeilge, “first on general principles of Natural Justice as their vernacular language and secondly, as a matter of a Constitutional right”.<sup>14</sup> Chuaigh an Stát (Mac Fhearraigh) v. Mac Gamhnia<sup>15</sup> níos faide nuair a aithnaíodh ceart chun croscheiste sa Ghaeilge freisin. Bhí rogha teanga bronnta ar an Stát go cothrom go dtí seo. Dúirt an Stát (Mac Fhearraigh) v. Neilan<sup>16</sup> nach féidir iachall a chur ar Aire leagan Gaeilge de toghairm a chur ar fáil fiú má iarratar air san do dhéanamh. Cuireann fo-alt 4 dualgas ar an Stát

<sup>11</sup> Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Osradharc foilsithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Ich 2.

<sup>12</sup> “18(1) Deanfar imeachtaí uile na Dála trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. (2) Déanfar Riar na hOibre Cín Lae Imeachtaí na Dála agus gach doiciméad iomchuí eile a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla. (3) Cuirfidh an Cléireach faoi deara do ndéanfar tontú oifigiúil go Béarla ar gach dlí dá n-achtaíonn an tOireachtas sa Ghaeilge, agus tontú oifigiúil do Ghaeilge ar gach dlí dá n-achtaíonn an tOireachtas sa Bhéarla.”

<sup>13</sup> 25.4.4. – “I gcás an tUachtaráin do chur a láimhe le téacs Bille i dteanga de na teangacha oifigiúla agus sa teanga sin amháin, ní foláir tontú oifigiúil a chur amach sa teanga oifigiúil eile”

<sup>14</sup> 1929 IR 526 at 531.

<sup>15</sup> 1980-1998 I.R.S.R. 99

<sup>16</sup> 1980-1998 I.R.S.R. 38

nó an comhlacht poiblí an teanga oifigiúil atá roghnaithe ag an bpáirtí eile a úsáid snaimeachtaí sibhialta. Beidh duine ábalta iachall a chur ar an Stát Gaeilge a úsáid inimeachtaí chúirte don chéad uair. Dhiúltaigh leasú chun an chirt seo a leathnú go dtíimeachtaí choiriúil, de bharr nádúir tobann na gcásanna agus an fioras go mbeadhGardaí agus dlíodoirí le Gaeilge a theastáil. Bhí scanradh mí-úsáide den chórais seo i gcásanna coiriúil, factóir ábharthach sa chinneadh freisin. Dúirt O'Monacháin v. An Taoiseach<sup>17</sup> nach raibh sé de cheart iachall a chur ar dhuine eile an Ghaeilge a úsáid. Tá an prionsabal seo ar fáil i bhfoirm reachtaíochta in alt 8(5). Solathraíonn alt 8(6) nuair atá duine a úsáid a rogha teanga oifigiúilní chuirfidh aon cheataí nó caitheachas breise air thar mar a thabhfáí dá roghnódh sé an teanga oifigiúil eile a úsáid. Baineann sé seo le focail O'hAnluain Brmh. in O'Murchú v. Cláraitheoir na gCuideachtaí agus an tAire Tionscail agus Trachtála, “tá sé soiléir gur caitheadh airgead Stáit ar na foirmeacha sa leagan Béarla do chur ar fáil ar an gcuma san agus ní fheictear dhom go bhfuil cothrom na féinne le fáil ag an gcuid sin den phobal gurmian leo an gnó a dhéanamh tré mhéan an phrímh-theanga oifigiúil muna gcuirtear na háiseanna céanna ar fáil dóibh-sin freisin.”<sup>18</sup> Bhí an tiarratasóir anseo ag iarraidh eagraíocht a ionchorpu agus clárú mar chomhlacht, dhein sí iarrtas na foirmeacha cuíd'fháil sa leagan Gaeilge agus bhí conspóid faoin gcostais. Dúirt Hardiman Brmh. i gcás Uí Bheoláin go “[g]Caithfidh an Stát úsáid ceachtar den dá theanga a éascú gan idirdhealú.”<sup>19</sup>, chun aontú le hairteagal 8 agus polasaí dátheangach.

Solathraíonn alt 9(2) go gcaithfidh an comhlacht poiblí freafra a thabhairt d'aon chumarsáid scríofa nó phost leictronach sa theanga chéanna sa chéad chomhfhreagrachta. Tá duine ráthaithe freagra dá gcomhfhreagras ón mBruiséal a

---

<sup>17</sup> 1980 ILRM 660.

<sup>18</sup> 1980-1998 I.R.S.R. 42 at 44.

<sup>19</sup> O'Beoláin, 2001 2 I.R. 311 ag 321.

fháil sa Ghaeilge faoi hairteagal 21<sup>20</sup> de Chonradh an Aontais Eorpaigh, mar sin bheadh cúis náire polaitiúil muna mbeadh na comhlachtaí poiblí Éireannach abalta an seirbhís céanna a rathú ó Bhaile Átha Chliath. Deir alt 9(3) go gcaithfidh aon chumarsáid chun faisnéis a thabhairt don phobal i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a bheith i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge. Cuireann alt 10 dualgas ar chomhlacht poiblí doiciméid áirithe a fhoilsiú i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. Aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, aon tuarascáil bhliantúil, aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadas, aon ráiteas straitéise agus aon doiciméad sonraithe go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis mar shampla Paipéar Bán agus Paipéar Glas. Ach níl oibleagaid ghnéaralta curtha ar an Stát doiciméid oifigiúil mar shampla foirm iarratais a aistriú agus b'fhéidir go mbeadh sé sin níos suimúla don phobal ná cuntas iniúchta.

Cuiread Cuid 5, Logainmneacha, isteach i dtreo deireadh an phroiséas reachtúil. Aisghairtear an tAcht Logainmneacha (Foirméacha Gaeilge) 1973 agus tá a gcuideanna eiféachtacht sonraithe arís le leasuithe in alt 32 agus 33 den Acht. Faoin Acht Logainmneacha (Foirméacha Gaeilge) 1973, bhí cumhacht ag an Aire Airgeadais a dhearbhú an leagan Gaeilge do logainm a bheith coibhéiseach leis an leagan Béarla. An fhadhb a bhaimeann le seo ná cé go raibh an chomhfheidhm agus an chomhéifeacht ceanna ag an leagan Ghaeilge don logainm agus an leagan Béarla, d'fhan an logainm sa Bhéarla amháin i dtearmaí dlíthiúil. Reitíonn alt 33(1) an fhadhb seo, deir sé go bhfuil an chomhfheidhm agus an chomhéifeacht céanna ag an leagan Béarla agus Gaeilge, beidh an dá chinn mar logainm oifigiúil. Tá an suíomh

---

<sup>20</sup> Article 21 (ex Article 8d) – “Every citizen of the Union may write to any of the institutions or bodies referred to in this Article or in Article 7 in one of the languages mentioned in Article 314 and have an answer in the same language.” – Is iad an Pharlaimint Eorpaigh, an Chomhairle Eorpaigh, an Coimisiún Eorpaigh, an Chúirt Bhreithiúnais Eorpaigh agus an Chúirt Iniúchóirí Eorpaigh, na hInstituidí agus Comhlachtaí Eorpaigh faoi alt 7. Is iad Ollannais, Fraincis, Gearmáinis, Gaeilge, Portaingéilis, Spáinnis agus Sualainnis na teangachaatá liosta faoi airteagal 314 (ex 248).

difriúil sa Ghaeltacht. Deireann alt 33(2) nach mbeidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan béalra ón dáta feidhme le aon dearbhú faoi alt 32. Cé go bhfuilan leagan Gaeilge an leagan oifigiúilanois, níl aon bhac curtha ar úsáid leanúint den choibhéiseach Béarla le haghaidh aon chuspóir ach i dtrí chás; (1) Achtanna an Oireachtas agus ionstraim reachtúil a rithfear tar éis an dáta feidhme don ordú ábharthach, (2) I learscáileanna a ullmhú agus a fhoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann tar éis an dáta feidhme, (3) Comhartha bóthair curtha suas ag Údarás Áitiúil. Cuireann an fioras go féidir an leagan Béarla a leanúint in úsáid , deireadh a chur le aon fhadhbanna dlíthiúla folaigh le mar shampla uachtanna, tíolacais agus talamh chlárú nó logainmneacha i dtoghraim le haghaidh an chuspóra dlínse cúirteanna a thabhairt.

Tá cumhacht ag an Aire rialacháin a dhéanamh faoi alt 4 agus alt 9(1), le cuspóir éifeacht ionmlán a thabhairt do fhórálacha an Acharta agus a sholathraigh go bhfuil Gaeilge amháin nó an Ghaeilge agus an Bhéarla in úsáid ar stáiseanóireachta, fógrán, comharthaí nó fógaerti béal. Tá toiliú an Aire Airgeadais ag teastáil faoi alt 4 roimh a dhéantar a leithéid de rialacháin, tá an cumhacht seo sriantach go mór.

Baineann altanna 11-18 le scéimeanna a bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí a ullmhú laistigh de sé mhí mar a iarraidh ón Aire. Leagann na scéimeanna síos na seirbhísí a sólathróidh (i) trí mhéan na Gaeilge amháin (ii) trí mhéan an Bhéarla amháin agus (iii) trí mhéan na Gaeilge agus an Bhéarla araon, agus na céimeanna atá i gceist a ghlacadh chun chinntiú go mbeidh seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa todhchaí. Caitheadh na scéimeanna a athnuachan gach trí bliain. “Úsáidfear an próiseas seo chun feabhas suntasach chéimiúil a bhaint amach, thar tréimhse, ar leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil.”<sup>21</sup>

---

<sup>21</sup> Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Osradharc foilsithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lch 1.

Baineann alt 20 to 30 leis an Coimisinéir Teanga agus solathraíonn le Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, an fheidhm aige ná monatóireacht a dhéanamh ar an Acht agus chun féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm é. Scríosadh na tagairtí go léir faoin gCoimisinéir agus a oifig as Béarla mar sin caithfidh an leagan Gaeilge a úsáid. Tá na forálacha maidir leis an gCoiminiseir cosúil le forálacha faoin Ombudsman. “The role likely to be played by the Commissioner is one of enforcement more by stealth than force, using the powers of publicity and politics as much as anything, and so, the formal powers attributed to the Commissioner are relatively (though not surprisingly) tepid and are largely connected with facilitating the acquisition by him or her of essential information.”<sup>22</sup>

### **Conclúid**

Leis an reachtaíocht seo tá siúil ag an Aire go mbeidh sé ar chomhéifeacht leis an Welsh Language Act 1993 (Ríocht Aontaithe) agus leis an Official Languages Act 1988 (Ceanada). Níl ár reachtaíocht chomh fairsing le reachtaíocht Ceanada áfach, áit go bhfuil prionsabal “*Offre active*” ar fáil, a thugann deis don shaoránach a rogha teanga a úsáid. Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla srianta ar rogha teanga an shaoránaigh i gcás go bhfuil sé socraithe ag an gcomhlacht poiblí ina scéim an seirbhís a sholáthar go dhá-theangach. Dár le Nic Shuibhne “the real measure of success and effectiveness here hangs critically on the exact nature of the ‘schemes’ devised by the vast range of public bodies potentially committed to so doing and, more substantively, on their implementation thereafter.”<sup>23</sup> Is léir go braitheann cur i bhfedhm an Acharta den chuid is mó ar dea-thoil. Is é príomh smachtbhanna atá curtha

---

<sup>22</sup> Niamh Nic Shuibhne, ‘Eighty Years A’Growing – The Official Languages (Equality) Bill 2002’, I.L.T. August 2002 Vol. 20 No.13 198 at 202/203.

<sup>23</sup> Niamh Nic Shuibhne, ‘Eighty Years A’Growing – The Official Languages (Equality) Bill 2002’, I.L.T. August 2002 Vol. 20 No.13 198 at 202.

ar fáil ná tuarascáil chuit Tithe an Oireachtas i gcás loiceach nó sa chás go dúiltítear an scéim a chur i bhfeidhm. Níl Alt 27 i bhfeidhm agus fiú dá mbeadh sé ní sholáthródh sé ach miondamáistí chun náire a chur ar an gcomhlacht poiblí. Ní fios go fóill an sholáthróidh na tomhais seo cur i bhfeidhm éifeachtach. Cnámh spairne eile ná méid an saoirse atá ag Aire de réir an Achta, go háirithe maidir le scéimeanna na gcomhlachtaí poiblí. Beidh Aire atá domhain chun cuspoirí an Achta seo a bhaint amach a theastáilt chun na scéimeanna a bheith éifeachtach agus oibritheach go fairsing. Ní chóir go mbaineann an fhadhb seo leis an Aire Ó Cuiv atá ag obair ar an Acht ó 1997 agus go bhfuil sé soiléir go bhfuil dúil mhór aige san Acht agus theastaíonn uaidh go n-éiríonn leis. Cé acu beidh orainn fanacht go bhfeictear an mbeadh Airí sa todhcaí ar aon bharúil le a chuid díocais. Tá Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an-léirmheastach faoin easpa coinníollacha spéisialta don Ghaeltacht sa reachtaíocht, áit go bhfeiceann siad go bhfuil riachtanach don theanga.

Go réaláioch beidh an Acht seo mar ualach breise ar na comhlachtaí poiblí atá i gceist. Ní fheictear seirbhísí a shólathar trí Ghaeilge mar thosaíocht go dtí seo agus tógfaidh sé ama chun an mheon seo a athrú. Oibríonn an Acht ar bhonn dul chun chinn de réir a chéile, mar shampla is ea 2024 an spriocdáta maidir le comharthaí bóithre dátheangach leis an leagan Gaeilge ar dtús nó comhcheimiúil leis an leagan Béarla ar a laghad. Níl an dul chun cinn de réir a chéile seo ionadaíoch don stádas stairriceach na Gaeilge mar a bhronnadh sa Bhunreacht acht is é an slí amháin réaláioch chun an chórais atá againn faoi láthair a athrú. In ainneoin a lochtanna atá luaite thuas, caithfidh an Acht a mholadh don leibhéal búnusach go bhfuil sé ag bogadh sa threo ceart. Tá corás curtha isteach chun seirbhísí gaeilge a shólathar cé go

dtí seo “an Irish speaking citizen {had} been forced to take court proceedings to obtain something which he was always certain to get.”<sup>24</sup>

Chuirim fáilte roimh Acht na dTeangacha Oifigiúla mar chéim bhúnasach ar aghaidh chun ceart a shloáthar do chainteoirí Gaeilge. Ach is céim chun ceart a shólathar amháin í an Acht. Tá i bhfad níos mó oibre romhainn chun cirt na gcainteoirí Gaeilge a réiteach le ceartanna na gcainteoirí Béarla.

---

<sup>24</sup> Niamh Nic Shuibhne, ‘Re-thinking Irish language Policy: A legal Perspectives’, Contemporary Issues in Irish law and Politics. No. 3 Dublin Round Hall Sweet and Maxwell 2000 pg 36 at 40.